

Bliain na bhFrancach

Dé Sathairn beag seo, chuir mé tús le heachtra nua i mo shaol. Táim i mbun staidéir ar an bhFraincis agus ar an nGaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, agus a bhuí le clár Erasmus, fuair mé an deis bliain acadúil a chaitheamh thar lear. Sin mar a tharla dom bheith i mo shuí anseo ar mo shuaimhneas i gcaifé beag cois abhann i mbaile álainn Lyon na Fraince, ag blagáil liom.

Táim ag tnúth go mór leis an mbliain seo romham. Cheana féin táim tar éis bualadh le dornán daoine atá in aon rang liom. Is mic léinn iad ó gach cearn den Eoraip agus ó níos faide i gcéin. Ní raibh ach cúpla léacht againn go dtí seo ach déarfainn go mbeidh na ranganna dúshlánach go maith – beidh orm luí isteach ar an staidéar gan mhoill. Bhí an t-ádh amach orm ó thaobh an lóistín a fuair mé. Táim in aontíos le beirt Fhrancach agus tugann sé sin deis iontach dom feabhas a chur ar mo chuid Fraincise. Chomh maith leis sin, níl an teach ach fad urchair ón ollscoil. Ní bean mhochóirí mé agus dá fhad is féidir liom fanacht sa leaba is amhlaidh is fearr liom... Is minic, áfach, a bhíonn na *croissants* uile díolta faoin am a mbainim an *boulangerie* amach!

Baile álainn is ea Lyon, é suite ar dhá chnoc mhóra agus dhá abhainn ag rith tríd. De réir na scoláirí, is as ainm an dia Cheiltigh Lugh a tháinig ainm an bhaile. Dar ndóigh tá an-cháil ar an Lugh céanna i seanchas na hÉireann. B'iontach liom sin a chloisteáil nuair a tháinig mé anseo i dtús báire.

Tá sé i gceist agam neart taistil a dhéanamh fad is a bheidh mé anseo. Níor thuig mé i gceart sular tháinig mé cé chomh héasca is atá sé léim ar thraein agus bheith i dtír eile laistigh de chúpla uair an chloig. Tá sé saor go maith do mhic léinn freisin – ní foláir dom an deis taistil seo a thapú!

Is é seo an chéad uair dom tréimhse chomh fada seo a chaitheamh i bhfad ó bhaile. Seans go mbeidh cumha orm i ndiaidh an bhaile ó am go ham, ach tá an t-ádh orm toisc go bhfuil fáil éasca agam ar an idirlíon agus ar fheidhmchláir éagsúla chun coinneáil i dteagmháil le daoine. Chomh maith leis sin, ní chosnaíonn sé mórán anois glaoch ar an mbaile, a bhuí leis na táillí fabhracha fánaíochta. Ní amhlaidh a bhí nuair a bhí an deirfiúr is sine agam ar Erasmus cúig bliana déag ó shin. Ní raibh de rogha aici ach litreacha a scríobh agus corrghlao a dhéanamh abhaile. Nach dúinn is méanar!

Mhol mo léachtóir Fraincise dom a mhór a dhéanamh den bhliain seo ar an gcoigríoch agus tá rún agam sin a dhéanamh. Beidh mé ag scríobh go rialta ar an mblag seo ag eachtraí mo chuid scéalta – mise á rá libh go mbeidh neart scéalta agam daoibh! Go dtí an chéad uair eile mar sin...

Síle